Bearta Nua Caiteachais

Tá an Rialtas tiomanta réimse leathan seirbhísí breise a sholáthar. Tá liosta de bhearta breise leagtha amach thíos. Tá sonraí i ndáil le Bearta Caipitiúla agus leithroinntí ilbhliantúla leagtha amach i bpíosa ar leithligh den achoimre seo.

Coimirce Shóisialach

- Tá socrú déanta maidir le Bónas na Nollag in 2018 do dhaoine a fhaigheann íocaíochtaí leasa shóisialaigh fadtéarmacha;
- Cuirfear méadú €5 sa tseachtain ar ráta uasta seachtainiúil an Phinsin Stáit chomh maith le gach íocaíocht sheachtainiúil leasa shóisialaigh, lena n-áirítear liúntas míchumais, liúntas cúramóra agus liúntas agus sochar cuardaitheora poist araon. Bainfidh 1.47 milliún duine tairbhe as an méid sin;
- Méadú €2.20 sa tseachtain ar ráta seachtainiúil an mhéadaithe i leith leanbh cáilithe do leanaí faoi bhun 12 bhliain d'aois agus méadú €5.20 sa tseachtain i leith leanaí atá 12 bhliain d'aois agus níos sine;
- Tabharfar isteach scéim nua árachais shóisialta i leith saoire íoctha tuismitheora d'fhostaithe agus do dhaoine féinfhostaithe lena gcuirfear dhá sheachtain de shaoire íoctha tuismitheora ar fáil, de réir an tsochair mháithreachais/atharthachta;
- Síneadh seachtaine leis an tréimhse liúntais breosla go dtí 28 seachtaine;
- Tabharfar isteach sochar árachais shóisialta (cuardaitheoir poist) do dhaoine féinfhostaithe;
- Méadú €25 ar an Liúntas Éadaí agus Coisbhirt don Scoilbhliain nua.

Sláinte

- Tá an t-ollchaiteachas reatha a vótáladh do Shláinte le méadú 5.8% go €16.4 bhilliún;
- Maoiniú chun tacú leis an Straitéis chun Sláintecare a Chur i bhFeidhm.
- Ciste Comhtháthaithe nua €20 milliún le haghaidh Sláintecare.
- Leanfar de na seirbhísí meabhairshláinte a fhorbairt de réir *Vision for Change* agus straitéisí gaolmhara trí mhaoiniú breise €55 mhilliún in 2019.
- Socrú le haghaidh na gcostas a bhaineann le conradh nua Dochtúra Teaghlaigh a fhorbairt.
- Infheistíocht bhreise €20 milliún sa Chiste Náisiúnta um Cheannach Cóireála.
- Laghdú 50 cent ar mhuirir oidis do dhaoine atá os cionn 70 bliain d'aois, laghdú €10 ar an tairseach mhíosúil don Scéim Íocaíochta Drugaí agus méadú €25 ar na tairsí ioncaim don chárta Cuairt Dochtúra.
- Acmhainní breise a infheistiú maidir le teiripeoirí breise a earcú chun aghaidh a thabhairt ar riaráistí sna hiarratais ar Mheasúnuithe Riachtanais do leanaí faoi mhíchumas agus rochtain a mhéadú ar theiripí do leanaí.
- Maoiniú breise le haghaidh *Cervical Check* chun tionchar na hailse ceirbheacs a laghdú de réir Thuarascáil Scally lena n-áirítear tacú leis an tástáil HPV mar an scagthástáil phríomha.

Talmhaíocht– Bearta a bhaineann le Brexit

- Maoiniú breise d'earnáil na feirmeoireachta chun í a neartú in aghaidh Brexit agus éifeachtúlacht astaíochtaí a fheabhsú trí íocaíochtaí um Limistéir faoi Shrian Nádúrtha (ANC) agus Clár Píolótach Mairteola um Éifeachtúlacht Chomhshaoil a thabhairt isteach.
- Aghaidh a thabhairt ar dhúshláin Brexit trí infheistíocht a dhéanamh i saoráidí nuálaíochta bia, i gcuideachtaí bia agus i mBord Bia.

Leanaí agus Gnóthaí Óige

- €90m chun an Scéim um Chúram Leanaí Incheannaithe (ACS) a thabhairt isteach go déanach in 2019 lena n-áirítear feabhsuithe ar thairsí chun incháilitheacht a mhéadú.
- €33m d'acmhainní breise do TUSLA chun maith a dhéanamh de ghealltanais Rialtais i ndáil le Dídeanaithe agus chun seirbhísí fiorthábhachtacha gaolmhara a mhaoiniú.

Oideachas

- Tá maoiniú curtha ar fáil do phacáiste beart is fiú €675m (6.7%)
- Cuirfear 1,300 post breise ar fáil leis seo lena n-áirítear múinteoirí chun aghaidh a thabhairt ar bhrú déimeagrafach agus 950 Cúntóir Riachtanas Speisialta.
- Méadú 5% in aghaidh an dalta ar an ráta caighdeánach caipitíochta.
- Maoiniú breise €69m don Ardoideachas chun tosaíocht a thabhairt maidir le hoiliúint agus maidir le deiseanna chun scileanna a fheabhsú agus a fhoghlaim sna hearnálacha agus sna réigiúin is mó atá i mbaol de bharr Brexit agus uathoibriú.
- Seolfar Tionscnamh nua um Chaipiteal Daonna in 2020 chun dul i ngleic le riachtanais an gheilleagair sa todhchaí agus mar chuid de fhreagairt straitéiseach an Rialtais ar Brexit.
- Méadú suntasach Caipitil lena gcuirfear 18,000 ionad buan breise scoile ar fáil in 2019.

Tithíocht

- Leithroinnt €2.4bn (lena n-áirítear LPT) san iomlán do thithíocht lena bhfreagrófar do riachtanais tithíochta 27,400 teaghlach
- Áirítear air seo 10,000 teach nua sóisialta trí thógáil, trí cheannach agus trí léasú.
- Tá réimse beart ag dul ar aghaidh chun soláthar agus incheannaitheacht a fheabhsú:
    - Chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna incheannaitheachta, tá €89m san iomlán á leithroinnt don Chiste um Láithreán Seirbhísithe.
    - Leithroinnfear acmhainní méadaithe don Ghíomhaireacht um Fhorbairt Talún chun 150,000 teach breise a chur ar fáil thar thréimhse 20 bliain.

Dlí agus Ceart

- Seirbhísí gairmiúla póilíneachta agus athchóiriú an Gharda Síochána: áireofar 800 ábhar Garda, 191 mhaoirseoir breise chomh maith le líon méadaithe sibhialtach.
- Áirítear ar bhearta eile níos mó acmhainní chun aghaidh a thabhairt ar chúnamh dlí choiriúil.

Cultúr, Oidhreacht agus an Ghaeltacht

- Tús a chur le cur i ngníomh Phlean Caipitil 10 mbliana na Roinne dar teideal "Infheistiú i gCultúr, Teanga agus Oidhreacht na hÉireann 2018-2027".

Forbairt Tuaithe agus Pobail

- Cuirfear tús leis an gCiste um Athbheochan agus Forbairt na Tuaithe (RRDF) ar fiú €1bn é chun coinníollacha a chruthú le haghaidh forbairt inmharthana tuaithe agus chun tacú le pobail.

Gnóthaí Eachtracha agus Trádáil

- Méadú suntasach €45m tríd an Roinn as a dtiocfaidh ranníocaí breise airgeadais €110m d'Fhorbairt Thar Lear in 2019.
- Tá maoiniú á chur ar fáil freisin chun freagairt na hÉireann ar Brexit a neartú tuilleadh.

Gnó, Fiontar agus Nuálaíocht

- Maoiniú breise chun an Tionscnamh um Lorg Domhanda a chur chun cinn agus chun tacaíochtaí breise a sholáthar maidir le Brexit.
- Méadú suntasach ar chaipiteal lena dtabharfar tacú chun an Scéim Iasachta d'Fhás sa Todhchaí a rollú amach i gcomhthéacs Brexit agus lena dtacófar le gníomhaireachtaí thar réimse leathan.
- Déanfar an Ciste um Theicneolaíochtaí Bunathraitheacha a rollú amach freisin.

Iompar, Turasóireacht agus Spórt

- Infheistíocht shuntasach bhreise lena ndéanfar tionscadail éagsúla bóithre a chur chun cinn lena n-áirítear Seachbhóthar an Náis, N25 Ros Mhic Thriúin agus N11 Ghuaire.
- Bearta maidir le hIompar Poiblí lena n-áirítear Clár Leathnaithe an DART chomh maith le tionscadail BusConnects agus MetroLink a chur chun cinn.

Comhaontú Cobhsaíochta na Seirbhíse Poiblí

Méadú pá 1% in Eanáir 2019 (do thuarastail bhliantúla suas go dtí €30,000) agus 1.75% i Meán Fómhair 2019. Is céim eile í seo chun deireadh rialaithe a chur le bearta FEMPI lena gcinntítear cobhsaíocht leanúnach maidir le gné fhíorthábhachtach de bhille pá an Státchiste sa mheántéarma.

- Tá maoiniú déanta freisin chun aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist maidir le pá iontrálaithe nua.